



C/2026/937

23.2.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Okręgowy w Gdańsku (an Pholainn) a taisceadh an 20 Samhain 2025 –
MR v TM**

(Cás C-741/25, Ranerski) ⁽¹⁾

(C/2026/937)

Teanga an cháis: an Pholainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Sąd Okręgowy w Gdańsku

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: MR

Cosantóir: TM

An cheist a tharchuirtear:

An bhfuil Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach), ⁽²⁾ arna leasú trí Threoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009, ⁽³⁾ i gcomhar le hAirteagail 7, 8 agus 11 agus Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a chuirtear d'oibleagáid atá coisctheach, nach bhfuil curtha in oiriúint, a bhaineann leis an tsochaí ar an mórgóir agus nach bhfuil teorainn ama nó gheografach leis, ar oibreoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí na sonraí tráchta agus suímh de chuid úsáideoirí deiridh na seirbhísí sin a choinneáil, i gcás ina mbaineann an oibleagáid sin le sonraí is gá iad le dáta agus uair cumarsáide, leis an gcineál cumarsáide agus le suíomh an trealaimh teirminéil teileachumarsáide a fhionnadh, agus i gcás ina gceanglaítear ar an ngnóthas teileachumarsáide, ar a chostas féin, na sonraí sin arna nginiúint sa líonra teileachumarsáide poiblí nó arna bpróiseáil aige a choinneáil agus a stóráil i bPoblacht na Polainne ar feadh tréimhse 12 mhí ó dháta an nasctha nó na hiarrachta nasctha gan rath ar chumarsáid a dhéanamh agus na sonraí sin a scriosadh ar éag don tréimhse sin, cé is moite de shonraí arna ndaingniú i gcomhréir le forálacha ar leith?

⁽¹⁾ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhórainm aon pháirtí sna himeachtaí.

⁽²⁾ IO 2002 L 201, lch. 37.

⁽³⁾ Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, Treoir 2002/58/CE maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (IO 2009 L 337, lch. 11).